RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/531 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Márta 2021

maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, ba cheart na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn a aicmiú faoin gcód CN a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Is iomchuí a fhoráil i ndáil le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, go bhféadfaidh an sealbhóir, ar feadh tréimhse áirithe, leanúint den fhaisnéis sin a agairt i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Ba cheart an tréimhse sin a shocrú ag 3 mhí.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, déanfar iad a aicmiú faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód CN a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

Airteagal 2

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

Gerassimos THOMAS

Ard-Stiúrthóir

Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim

IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód-CN)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Feiste lionsa ceamara de dhéanamh miotail agus plaistigh ag a bhfuil cónasc beaignite, agus toisí thart ar 92 × 86 × 35,1 mm. Tá an t-earra ceaptha le bheith ceangailte le héadan an taifeadáin físcheamara dhigitigh, idir an taifeadán físcheamara agus an réadlionsa. Tá sé ceaptha chun go bhféadtar réadlionsaí a úsáid le taifeadáin físcheamara dhigiteacha ag a bhfuil snáithmhéid feistiúcháin éagsúil, agus soláthraíonn sé rialú imrisc meicniúil tríd an gcoigeartú imrisc a bhogadh.	9002 11 00	Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, nóta 1(m) a ghabhann le Roinn XVI, nóta 2 (b) a ghabhann le Caibidil 90 agus le foclaíocht na gcód CN 9002 agus 9002 11 00. Eisiatar an t-aicmiú faoi cheannteideal 8529, mar pháirt atá oiriúnach le húsáid le fearais faoi cheannteidil 8525 go 8528 amháin nó leis na bhfearais sin go príomha, ós rud é nach bhfuil an t-earra fíor-riachtanach le haghaidh fheidhmiú an taifeadáin físcheamara digiteach. Ós rud é go bhfágann an t-earra gur féidir réadlionsaí a úsáid le taifeadáin físcheamara dhigiteacha ag a bhfuil snáithmhéid feistiúcháin éagsúil, cuireann sé le raon oibríochtaí na réadlionsaí. Dá bhrí sin, tá sé le meas gur gabhálas é an t-earra atá oiriúnach le húsáid le réadlionsaí faoi cheannteideal 9002 amháin nó leis na réadlionsaí sin go príomha (féach breithiúnas na Cúirte an 16 Meitheamh 2011, Unomedical, C-152/10, ECLI:EU:C:2011:402, míreanna 29, 30 agus 34). Dá réir sin, eisiatar an t-aicmiú faoi cheannteideal 8479 mar mheaisín ag a bhfuil feidhm aonair, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile i gCaibidil 84 ós rud é go gcumhdaítear an t-earra ar bhealach níos sonraí le ceannteideal i gcaibidil eile den Ainmníocht (féach freisin Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe ar cheannteideal 8479, an dara mír (b)). Dá bhrí sin, tá an t-earra le haicmiú faoi chód CN 9002 11 00 mar ghabhálas le haghaidh réadlionsaí faoi cheannteideal 9002.